

SOITHEACH A BRISEADH LE FEALL.

17.

Sa tsean aimsir bhíodh an tóir ag daoine a bhíodh in aice na farraighe a bheith a cruinniughadh reac (raic) (reaic). Bhí soitheach a dul aniar lá agus las muinntir an Mhás agus an Leath Mhás teine mhór ar Chaorthán an Leath Mhás. Chonnaic siad an soitheach i bhfad siar 'sa bhfarraige an uair seo. Nuair a tháinig an oidhche ansoin síl an soitheach go b'é solus na Gaillimhe a bhí ann agus rinne sí air nú gur cuireadh ar na carrigeacha í agus gur briseadh í agus gur báitheadh a raibh innte ach aon stócach amháin.

Achar mhaith blianta ina dhiadh seo tháinig soitheach shiar in aice leis a Más amach ag na hoileáin- sháith sí suas ann. Bhí muinntir an Mháis agus an LeathMháis a dhul amach go dtí í a deanamh pléisiúir nú go raibh sí leath luchtuithe le daoine agus nuair a bhí chroc sí a cuid séolta agus thug sí léithi iad. Níor raibh aon sgéul ina dtaobh ariamh. Bhí sé raidhthe go b'é an stócach a sábháileadh as a soitheach eile a bhí ina chaptín uirthi.

Píosa fada ina dhiadh seo, tuairim dhá sgór bliadhnata o choin bhí fear de mhuinntir Uaithnín a deanamh cléibh Domhnach síos in aice leis a bhfairrge. Chuala sé mar bheadh duine a béiceadh síos ag a bhfairrge. Chuaidh sé síos agus bhí fear ann a dhul isteach agus amach leis a' mbruth. "Céurd tá tú dheanamh ansin" adeir a fear istigh "Ó" adeir an fear amuigh "Creach na bhfán a dfága fán ar a lán. Níor dubhairt mac máthar nar ceart é dheanamh, ach tá muid ag íoc na bpiana a'naghaidh ar a muir ach tá t-aghaidh sa a gcléibhín."

4/3/32.